Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7607/26**

**AGRI 202**
**DEVGEN 54**
**ENV 267**
**ONU 16**
**POLCOM 110**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoirlínte nuashonraithe an Aontais don phlé Talmhaíochta G20 |

Mar a comhaontaíodh ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Márta 2026, iarrann an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht ar an gComhairle na treoirlínte atá i gceangal leis seo a fhormheas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Treoirlínte nuashonraithe an Aontais don phlé Talmhaíochta G20**

*Leagtar amach sa nóta seo tosaíochtaí don Aontas agus a Bhallstáit, agus is d'úsáid inmheánach thoscaireachtaí an Aontais agus na mBallstát amháin atá sé beartaithe.*

## I. RÉAMHRÁ

In 2026, is ag Stáit Aontaithe Mheiriceá atá Uachtaránacht rothlach G20. Tá sé curtha in iúl ag SAM nach n-eagróidh sé Meitheal Talmhaíochta tiomnaithe G20. D'fhéadfaí ábhair a bhaineann leis an talmhaíocht agus leis an tslándáil bia a phlé faoi scáth rianta trádála, nuálaíochta agus/nó airí gnóthaí eachtracha. Ní dócha go dtionólfar Cruinniú Airí Talmhaíochta G20. Seo thíos achoimre ghairid ar thosaíochtaí chun rannpháirtíocht an Aontais maidir le hábhair thalmhaíochta a threorú, má thagann plé chun cinn maidir leo sin:

- Leanúnachas **agus sineirgí a áirithiú le cleachtas agus tionscnaimh G20 a bhí ann roimhe seo**, de mheon feabhas a chur ar an gcomhar leis an óstach agus le comhaltaí eile G20, agus aird á tabhairt ar thábhacht straitéiseach fhadtéarmach na talmhaíochta agus na slándála bia;

- tacú le **malartuithe idirnáisiúnta maidir leis an mbeartas agraibhia,** agus cuspóirí beartais níos leithne an Aontais **á gcur chun cinn**, i gcomhréir le Fís an Choimisiúin don Talmhaíocht agus don Bhia;

- **athléimneacht na slabhraí luacha bia domhanda** a threisiú i gcoinne suaití sistéamacha agus dúshláin fhadtéarmacha, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an athrú aeráide, díghrádú talún, dífhoraoisiú, ganntanas uisce agus cailliúint na bithéagsúlachta;

- tacaíocht a choinneáil ar bun don **aistriú chuig cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe**, agus tiomantas don **chóras iltaobhach trádála riailbhunaithe**, mar phríomhcholúin don tslándáil bia dhomhanda fhadtéarmach;

- **gealltanais bhunaithe** a athdhearbhú, go háirithe maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide, tacaíocht leanúnach a thabhairt do Chóras Faisnéise na Margaí Talmhaíochta (AMIS), iarrachtaí chun dul i ngleic le caillteanas bia agus cur amú bia, agus frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach.

Tá Treoirlínte an Aontais[1] a bhí ann roimhe seo fós ábhartha den chuid is mó agus cumhdaíonn siad formhór na réimsí imní, agus tá feidhm *mutatis mutandis* acu freisin maidir leis an bplé ag fóram G7. Mar sin féin, cuirimid an tsintéis chomhdhlúite seo a leanas ar fáil, a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn do rannpháirtíocht an Aontais agus a Bhallstát i gcaibidlíocht G20 i gcás inarb iomchuí agus i bhfianaise na n-ábhar a chuirfear i láthair lena bplé.

## II. TREOIRLÍNTE DON AONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT

1. **Comhar iltaobhach a spreagadh i measc chomhaltaí G20** chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leasa choitinn dhomhanda i gcúrsaí talmhaíochta inbhuanaithe, slándála bia agus cothaithe, agus tacú le seasaimh chomhdhearcaidh roimh ré agus le gealltanais idirnáisiúnta sna réimsí sin, agus dinimic gheopholaitiúil dhúshlánach á cur san áireamh agus comhleanúnachas á áirithiú ar fud shruthanna oibre G20 ag an am céanna.

2. Go háirithe, **rannpháirtíocht G20** ar an inbhuanaitheacht **a chaomhnú** sna trí ghné lena mbaineann (an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta, an ghné chomhshaoil), agus díriú go hiomchuí ar chaillteanas agus cur amú bia agus ar bhainistiú na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha, chomh maith le gnéithe sóisialta, mar shampla, mná agus an óige a chuimsiú agus athnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht.

---

**1** ‘Treoirlínte nuashonraithe an Aontais do chruinniú Airí Talmhaíochta G20, an 18 Meán Fómhair 2025, Cape Town, an Afraic Theas’ 6546/25

3. Tar éis na suaití sistéamacha a tharla le déanaí, **athléimneacht** shlabhraí soláthair domhanda na talmhaíochta agus na gcóras bia a threisiú, agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus gnéithe idirnáisiúnta Fhís an Aontais le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia á gcur san áireamh freisin.

4. Tacú le hiarrachtaí maidir le h**infheistíochtaí freagracha talmhaíochta**, lena n-áirithítear go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le treoirlínte[2] a glacadh go hidirnáisiúnta, agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus geallsealbhóirí eile a chur chun cinn chun acmhainneacht talmhaíochta a uasghrádú ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear le haghaidh feirmeoireacht teaghlaigh agus feirmeoirí beaga.

5. Leanúint den **taighde agus den nuálaíocht** a chur chun cinn **agus inbhuanaitheacht mhéadaithe mar aidhm aige sin**, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide sa talmhaíocht. Sa chomhthéacs sin, áfach, ba cheart aird a thabhairt ar chineál íogair ‘aistrithe teicneolaíochta’ agus a áitiú nach mór aon mhalartuithe mar sin a bheith ar bhonn deonach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme agus le cearta maoine intleachtúla.

6. Chun trédhearcacht na margaí talmhaíochta a éascú, a áirithiú go leanfar de thionscnaimh ábhartha G20 a oibriú agus a mhaoiniú, go háirithe **Córas Faisnéise na Margaí Talmhaíochta** (AMIS).

7. Béim a leagan ar a thábhachtaí atá an **córas iltaobhach riailbhunaithe** don trádáil agraibhia. Ar mhaithe le caighdeáin idirnáisiúnta a ailíniú de réir a chéile le cuspóirí beartais an Aontais, a ndícheall a dhéanamh tosaíocht na hinbhuanaitheachta a phríomhshruthú sa bheartas talmhaíochta agus trádála agraibhia.

---

**2** Go háirithe an CFS-RAI agus CFS-VGGT (*Treoirlínte Deonacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht*).

8. I gcás inarb iomchuí, comhleanúnachas a neartú le hoibreacha ábhartha atá déanta ag **eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta** ar nós G7, EDT, FAO, CFS agus ECFE, agus comhar a mholadh maidir le fothú acmhainneachta na gcóras talmhaíochta agus bia i réigiúin atá i mbéal forbartha. Sa chomhthéacs sin, tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chomhtháthú an **Aontais Afracaigh** mar chomhlacht fornáisiúnta a tháinig isteach in G20 le déanaí, agus do rannpháirtíocht chomhaltaí uile G20.